2024/2371

10.10.2024

# RÚN (AE) 2024/2371 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**an 11 Aibreán 2024**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá) don bhliain airgeadais 2022**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0090/2024),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (an 'Comhghnóthas') in Aibreán 2007 ar feadh tréimhse 35 bliana le Cinneadh 2007/198/Euratom ([1]) ón gComhairle;

B. de bhrí go bhfuil na grúpaí a leanas ina gcomhaltaí den Chomhghnóthas: an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom), a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht air, ballstáit Euratom ([2]), agus tríú tíortha a bhfuil comhaontú comhair le Euratom tugtha i gcrích acu i réimse an chomhleá núicléach rialaithe;

C. de bhrí gurb iad cuspóirí an Chomhghnóthais rannchuidiú an Aontais a chur ar fáil do thionscadal idirnáisiúnta fuinnimh comhleá ITER, an comhaontú maidir le cur chuige níos leithne idir Euratom agus an tSeapáin a chur chun feidhme, agus ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taispeána agus saoráidí gaolmhara ([3]);

D. de bhrí go bhfuil seacht gcomhpháirtí dhomhanda rannpháirteach i dtionscadal ITER, eadhon, an tAontas Eorpach, a ndéanann an Euratom ionadaíocht air, na Stáit Aontaithe, an Rúis, an tSeapáin, an tSín, an Chóiré Theas agus an India, agus gurb é an tAontas Eorpach an comhpháirtí ceannasach ar aige atá sciar 45,4 % de na costais tógála agus go bhfuil sciar 9,1 % ag gach comhpháirtí eile atá rannpháirteach; rud a athróidh sa chéim tástála comhleá oibríochtúil, nuair is 34 % de na costais oibríochtúla a bheidh á gcur ar fáil ag an Aontas ([4]);

E. de bhrí gurb é atá i meastachán reatha an Choimisiúin do bhuiséad iomlán Euratom a bheidh ag teastáil ón gComhghnóthas chun cuid na hEorpa de chur chun feidhme thionscadal ITER agus gníomhaíochtaí gaolmhara a mhaoiniú go dtí 2035 ná EUR 15 bhilliún (i luachanna reatha); de bhrí go bhfuil stát óstach ITER (an Fhrainc) agus Ballstáit Euratom le EUR 3,2billiún breise a ranníoc (i luachanna reatha) ([5]);

F. de bhrí nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ná an Eilvéis comhlachaithe le gníomhaíochtaí ITER an Chomhghnóthais ná le comhaltaí an Chomhghnóthais a thuilleadh ([6]);

([1]) Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

([2]) Is iad comhaltaí Euratom ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus stáit chomhlachaithe na hEilvéise agus na Ríochta Aontaithe (go dtí 2020).

([3]) Tá na príomháiseanna comhleá ag Cadarache sa Fhrainc agus tá an Comhghnóthas lonnaithe in Barcelona.

([4]) doiciméid ITER dar teideal 'Meastacháin Luacha do Chéimeanna Tógála, Oibríochta, Díghníomhaithe agus Díchoimisiúnaithe ITER agus Foirm Ranníocaíochtaí na bPáirtithe' agus 'Roinnt na gCostas le haghaidh gach Céim de Thionscadal ITER'.

([5]) Tá na meastacháin bunaithe ar Theachtaireacht COM(2017)0319 ón gCoimisiún agus an doiciméad inmheánach oibre gaolmhar SWD(2017)0232, tábla 4.

([6]) Tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas Eorpach agus ó Euratom an 31 Eanáir 2020. Chomhaontaíodh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach (Euratom) agus an Ríocht Aontaithe an 30 Nollaig 2020. Sa chomhaontú sin, leagtar síos go mbeidh an Ríocht Aontaithe páirteach i gcláir an Aontais atá liostaithe i bPrótacal I, lena n-áirítear clár taighde agus oiliúna Euratom agus gníomhaíochtaí ITER an Chomhghnóthais, agus go rannchuideoidh sí leo. Chomh fada agus a mhairfidh an t-easaontú idir na páirtithe i dtaobh an Phrótacail, áfach, níl an Ríocht Aontaithe comhlachaithe le gníomhaíochtaí ITER an Chomhghnóthais ná ní comhalta den Chomhghnóthas í. I gcás na hEilvéise, ní dhearnadh an comhaontú a fhadú go huathoibríoch agus dá bhrí sin tháinig deireadh leis in 2020.

G. de bhrí, chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart don Chomhghnóthas faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina chuntais bhliantúla; de bhrí, le haghaidh gach clár a bhfuil siad ag oibriú fúthu, ba cheart don Chomhghnóthas gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí atá socraithe don chlár ar leith, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana; de bhrí gur cheart don Chomhghnóthas leanúint den trédhearcacht a fheabhsú;

**Ginearálta**

1. ag tabhairt dá haire, sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Cúirt') maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais ('tuarascáil ón gCúirt'), go dtugtar le fios go gcuirtear i láthair sna cuntais bhliantúla don bhliain airgeadais 2022, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais an Chomhghnóthais amhail an 31 Nollaig 2022 agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain airgeadais 2022, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha;

2. á chur i bhfios go láidir go dtarraingíonn an Chúirt aird ar an bhfíoras gur nocht an Comhghnóthas i gcuntais bhliantúla 2022 arb éard atá ann ná a mheastachán ar an gcostas iomlán a ghabhann le hoibleagáidí seachadta do thionscadal ITER ('meastachán ag tráth a chríochnaithe') a thabhairt chun críche, agus go bhfuiltear á mheasúnú sin ag EUR 19,1 billiún (i luachanna 2022), arb é atá ann iomlán na n-íocaíochtaí arna ndéanamh suas go dtí deireadh 2022, arb ionann iad agus EUR 9,2 billiún agus an meastachán ar na híocaíochtaí a bheidh ann amach anseo, agus go bhfuiltear á mheasúnú sin ag EUR 9,9 billiún (i luachanna 2022);

3. ag cur sonrú, áfach, i meastachán ag tráth a chríochnaithe 2022, áfach, fós bunaithe ar gharsprioc agus toimhdí costais 2016 agus beidh athbhreithniú suntasach le déanamh ar na meastacháin sin a thúisce a bheidh bonnlíne agus ceanglais nua thionscadal ITER tugtha chun críche, de réir mar a bheidh siad formheasta ag Comhairle ITER, agus curtha in iúl go foirmiúil don Chomhghnóthas;

4. ag aithint go raibh éifeachtaí boilscitheacha láidre ag an gComhghnóthas in 2022, mar gheall ar shaincheisteanna slabhra soláthair a spreag COVID-19 ar dtús agus ansin (tar éis mhí Feabhra 2022) mar gheall ar an gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur fiú EUR 144 mhilliún (luachanna 2008), de réir an mheasúnaithe is déanaí, an tionchar a mheastar a bheidh acu sin ar mheastachán iomlán an Chomhghnóthais ag tráth a chríochnaithe; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go meastar go dtiocfaidh an méadú meastachán ag tráth a chríochnaithe chun cinn mar chaiteachas breise sna blianta 2023-2026; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an éifeacht bhoilscithe sin soiléir i bpraghsanna amhábhar, sna conarthaí atá ann cheana agus sna tairiscintí a fuarthas in 2022 araon, agus gur dócha go leanfaidh sí ar aghaidh amach anseo ag brath ar an staid idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn;

5. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, gur comhalta de ITER-IO í an Rúis, a bhfuil sé d'oibleagáid uirthi roinnt comhpháirteanna le haghaidh tionscadal ITER a sheachadadh chuig suíomh cóimeála ITER sa Fhrainc (Cadarache) agus ranníocaíochtaí bliantúla a chur ar fáil do ITER-IO; á chur i bhfáth go gcruthaíonn an staid sin an baol ard go gcuirfear moill ar thionscadal ITER agus go mbeidh na costais níos airde; á áitiú gur gá réitigh a fhorbairt chun na rioscaí sin a mhaolú go hiomchuí; á mheas gur cheart leasanna straitéiseacha agus tosaíochtaí beartais an Aontais a chosaint le haon chinneadh a dhéanfar;

6. á chur in iúl gur eol di gur chomhaontaigh an 31ú Comhairle ITER ([7]), i mí na Samhna 2022, nuashonrú a dhéanamh ar an mbonnlíne agus, ag an 32ú cruinniú a bhí aici an 21-22 Meitheamh 2023 ([8]), gur choimisiúnaigh sí ard-stiúrthóir ITER chun togra a thíolacadh maidir leis an mbonnlíne nuashonraithe ITER, agus go mbeadh athbhreithniú agus formheas le déanamh air sin in 2024;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go ndearnadh an riosca a ghabhann le bainistiú buiséadach a aicmiú mar riosca meánach freisin don Chomhghnóthas, mar gheall ar rioscaí nua atá ag éirí as tuilleadh moille agus arduithe costais i dtionscadal ITER a bhaineann leis na nithe seo a leanas: an bhonnlíne nua atá beartaithe; fadhbanna seachadta mar gheall ar smachtbhannaí ar an Rúis; agus an mhoill atá ar Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince ([9]) na hathruithe deartha atá ag tarlú le linn an phróisis chóimeála a fhormheas;

([7]) https://www.iter.org/doc/www/content/com/Lists/list_items/Attachments/1061/2022_11_IC-31.pdf
([8]) https://www.iter.org/doc/www/content/com/Lists/list_items/Attachments/1115/2023_06_IC-32.pdf
([9]) Is ag údarás sábháilteachta núicléiche na Fraince [ASN] atá an t-údarás deiridh agus ní idirghníomhaíonn sé ach le hEagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER (ITER-IO), agus d'fhéadfadh tionchar mór costais a bheith ag aon athrú a bheidh ag teastáil amach anseo. I mí Eanáir 2022, chuir ASN stop iomlán le tionól ITER go dtí gur féidir le ITER a chruthú gur féidir leis pearsanra a choinneáil sábháilte.

**Bainistiú buiséadach agus airgeadais**

8. a chur in iúl gur geal léi go ndearnadh buiséad an Aontais don tréimhse 2014-2020 i ngealltanais a chur chun feidhme go hiomlán ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an plean íocaíochta do na gealltanais le híoc ailínithe leis an bplean seachadta: tiocfaidh EUR 232,2 milliún le haghaidh 2022 agus EUR 150 milliún le haghaidh 2023 agus na híocaíochtaí eile atá fágtha chun cinn sna blianta ina dhiaidh sin ([10]);

9. ag tabhairt dá haire gur chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, don chéad tréimhse Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile 2021-2027, buiséad le haghaidh ranníocaíocht Euratom le ITER, arb ionann é agus luach iomlán de EUR 5 614 mhilliún (i luachanna reatha) a bhfuil EUR 5 560 milliún de (i luachanna reatha) ina ranníocaíocht dhíreach leis an tionscadal; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go gcuirfear ranníocaíochtaí Stát Óstach agus Ballraíocht ITER leis an bhfigiúr sin, faoi réir chinneadh deiridh na n-údarás buiséadach ábhartha;

10. ag tabhairt dá haire gur ghlac bord rialaithe an Chomhghnóthais buiséad 2022 an Chomhghnóthais i dtosach arbh é EUR 854,49 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 845,45 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus gur modhnaíodh in dhá leasú é i gcruinnithe an bhoird rialaithe i mí Iúil agus i mí na Nollag 2022;

11. ag tabhairt dá haire gurb ionann na leithreasuithe deiridh a bhí ar fáil, lena n-áirítear airgead anonn ón mbliain roimhe sin, agus EUR 981,18 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 1 069,9 milliún in 2021) agus EUR 844,02 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 764,8 milliún in 2021);

12. ag tabhairt dá haire gurb ionann ráta forghníomhaithe bhuiséad deiridh an Chomhghnóthais a bhí ar fáil agus 72 % i ngealltanais agus 91 % in íocaíochtaí (i gcomparáid le 99,7 % agus 97,4 % faoi seach in 2021); ag tabhairt dá haire gurb iad na rátaí ísle cur chun feidhme a bhí ann mar gheall ar mhoill sna gníomhaíochtaí oibríochtúla ar leibhéal ITER-IO agus an Chomhghnóthais, ag éirí go príomha as an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus fadhbanna deartha teicniúla a bhí ann le déanaí a bhain le céim chóimeála reatha thionscadal ITER;

13. á chur in iúl, thairis sin, go ndearna an Comhghnóthas, áfach, an buiséad íocaíochtaí oibríochtúla a laghdú EUR 92 mhilliún trí bhíthin buiséad leasaithe, agus sa bhreis air sin rinne sé EUR 9,5 milliún a aistriú óna bhuiséad íocaíochtaí oibríochtúla go dtí an buiséad riaracháin (tuarastail) chun oibleagáidí chiste pinsin an Chomhghnóthais don Choimisiún a mhaoiniú;

14. á chur i bhfios go láidir gur mheas an Chúirt go bhfuil laigí i gcur chun feidhme bhuiséad riaracháin an Chomhgnóthais, toisc go gcuirtear an buiséad sin ar bun mar leithreasuithe neamh-dhílsithe; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar sin, is féidir gealltanais riaracháin atá bunaithe ar chonarthaí riaracháin mar aon le hoibleagáidí nach bhfuil íocaíochtaí déanta ina leith ag deireadh na bliana a thabhairt anonn le haghaidh íocaíochta sa bhliain dar gcionn.

15. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go raibh an ráta cur chun feidhme 63 %, ag deireadh 2022, i gcás Theideal 2 - Caiteachas Bonneagair agus Oibriúcháin, agus gurb é 63 % an ráta cur chun feidhme nuair a bhí buiséad íocaíochta riaracháin nua 2022 á mheas, agus 69 % nuair a chuirtear san áireamh freisin an buiséad íocaíochta riaracháin neamhúsáidte ó na blianta roimhe sin a athghníomhachtaíodh in 2022 maidir le cur chun feidhme, agus go raibh ráta cealaithe ar ghealltanais a tugadh anonn ón mbliain roimhe sin ard, agus é sin ag 20 % ar an meán;

**Foireann agus earcaíocht**

16. ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, go raibh 46 oifigeach, 224 ghníomhaire shealadacha agus 164 ghníomhaire ar conradh san áireamh sna poist foirne sa Chomhgnóthas a bhí líonta; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh an Comhgnóthas ag brath ar thacaíocht ó 12.5 ball foirne eatramhacha (sa Chomhgnóthas) agus ó thriúr saineolaithe náisiúnta ar iasacht;

17. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndeachaigh 11 duine nua san iomlán (seisear gníomhairí sealadacha agus ceathrar gníomhairí ar conradh agus saineolaí náisiúnta ar iasacht amháin) i mbun dualgas in 2022 agus go ndearnadh gníomhairí sealadacha de cheathrar ball foirne (gach gníomhaire ar conradh) ar bhonn nósanna imeachta roghnúcháin;

18. ag tabhairt dá haire gur chuir an Comhghnóthas feabhas beag ar an éagothroime inscne; ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, maidir le cothromaíocht inscne, gur mná iad thart ar 38 % de lucht saothair an Chomhghnóthais agus gur fir iad 62 % de; á mholadh go leanfadh an Comhghnóthas d'fheabhas a chur ar an éagothroime inscne agus go bhféachfadh sé le cothromaíocht gheografach chothrom a bhaint amach i ndáil leis sin;

([10]) An Coimisiún, feidhmíocht ITER, 2023.

19. á chur i bhfios go láidir gur mheas an Chúirt go bhfuil staid na bainistíochta sinsearaí sa Chomhghnóthas fós éagobhsaí agus i riocht shuntasach aistrithe ag deireadh 2022 le himeacht an stiúrthóra i mí an Mheithimh 2022, agus go ndearnadh ceannasaí na roinne um chur chuige níos leithne a cheapadh mar ard-stiúrthóir ITER-IO i mí Mheán Fómhair 2022, rud a d'fhág go raibh athruithe pearsanra i gceithre cinn de na seacht bpost atá i mbainistíocht shinsearach an Chomhghnóthais;

20. ag athdhearbhú imní na Cúirte go gcruthaíonn an staid sin riosca do bhainistíocht fhónta agus leanúnachas an Chomhghnóthais, ag tráth a mbeidh ar dhaoine le taithí den fhoireann bainistíochta sinsearaí bonnlínte nua ITER a chur chun feidhme a mbeidh tionchar suntasach acu sin ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais;

21. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, an litir ([11]) a chuir ceardchumainn chuig an gCoimisiún ag tús 2022 ina ndéantar cur síos ar shaincheisteanna bainistíochta agus acmhainní daonna agus inar tugadh foláireamh don Choimisiún faoi na rioscaí a bhaineann leis an staid d'fheidhmiú cuí an Chomhghnóthais, do dhea-bhail a fhoirne agus do chlú an Aontais i dtionscadal ITER;

**Calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc**

22. ag tabhairt dá haire, ón Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2022 maidir le Gníomhaíochtaí, go ndearnadh obair leantach chórasach ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sa phlean gníomhaíochta frith-chalaoise trí bhunachar sonraí tiomnaithe (RAPID) a úsáid ina ndéantar doiciméadú ar dhul chun cinn breise maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí frithchalaoise in 2022;

23. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an t-oifigeach frith-chalaoise agus eitice faisnéis agus tacaíocht um chosc calaoise ar fáil don fhoireann a bhí ag plé le soláthar, bainistiú conarthaí, airgeadas agus bainistiú acmhainní daonna agus gur eagraíodh imeachtaí múscailte feasachta frith-chalaoise d'fhoireann agus do bhainistíocht an Chomhghnóthais, lena n-áirítear seisiúin oiliúna do dhaoine nua; ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh an stádas cur chun feidhme ag cruinnithe an choiste iniúchóireachta, agus, ina theannta sin, gur coimeádadh líonra inmheánach comhfhreagraithe calaoise an Chomhghnóthais ar an eolas ar bhonn aonair agus i gcomhthéacs chruinnithe rialta an Líonra um Dhearbhú;

24. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gur cuireadh na rialacha, na nósanna imeachta, na próisis agus na dea-chleachtais a bhaineann le heitic agus coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú in iúl don fhoireann, go háirithe trí lámhleabhar an Chomhghnóthais ar a inlíon;

25. á chur in iúl gur geal léi, ó 2022 ar aghaidh, go raibh sé d'oibleagáid ar fhoireann uile an Chomhghnóthais Dearbhú maidir le Leasanna Ginearálta a eisiúint gach bliain; déantar eisiúint agus measúnú na ndearbhuithe a bhainistiú anois trí chlár digitithe an Chomhghnóthais um choinbhleacht leasa a cruthaíodh le déanaí, lena bhfeabhsaítear obair leantach agus inrianaitheacht, agus ar an gcaoi sin a choinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú;

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

26. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt go bhfuil laigí i mbainistiú conarthaí an Chomhghnóthais a rinne difear mór do bhaint amach chuspóirí an chonartha agus – mura dtugtar aghaidh orthu – d'fhéadfaidís difear a dhéanamh freisin do ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile de chuid an Chomhghnóthais, nuair a smaoinítear ar na leasuithe suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gconarthaí casta atá fós i bhfeidhm faoi láthair mar gheall ar uasdátú na bonnlíne do thionscadal ITER;

27. ag tabhairt dá haire gur síníodh conradh in 2013 de luach EUR 500 milliún le haghaidh foirgnimh núicléacha agus neamhnúicléacha ITER a dhearadh, a fheistiú agus a shuiteáil; i mí na Nollag 2020, agus iad ag freagairt d'imní agus do mhíshástacht le dul chun cinn agus éifeachtúlacht an chonraitheora ó thaobh oibreacha a bhí fós le déanamh ar na foirgnimh neamhnúicléacha, rinne an Comhghnóthas agus ITER-IO measúnú – le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha dlí – ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag straitéisí soláthair eile a úsáid, amhail na seirbhísí trealaimh a chur amach ar tairiscint arís nó an chuid eile den obair a aistriú go dtí conraitheoirí eile; i mí Feabhra 2021, chuir an conraitheoir éileamh costais le luach iomlán de EUR 150 milliún isteach le haghaidh seirbhísí deartha agus trealaimh sa réimse núicléach, agus i Meán Fómhair 2021 chuir sé éileamh costais eile de luach EUR 30 milliún isteach don chuid eile den obair ar na foirgnimh neamhnúicléacha; bunaithe ar anailís riosca agus aiseolas na saineolaithe dlí, rinne stiúrthóir an Chomhghnóthais socraíocht de luach EUR 75 mhilliún leis an gconraitheoir ar an gcéad éileamh costais, agus air sin amháin, agus d'oscail an conraitheoir díospóid faoin dara héileamh costais nach raibh socraíocht déanta ina leith;

([11]) https://u4unity.eu/link/Topic_91_F4E.pdf

28. á chur i bhfios, de réir na Cúirte, gur léiríodh san anailís ar an doiciméadacht maidir le cur chun feidhme an chonartha go raibh laigí sa chaoi ar bhainistigh an Chomhghnóthas an conradh sin, go háirithe, chuir an Chúirt béim ar éagumas an Chomhghnóthais ó thaobh fógra a thabhairt faoi neamhchomhlíonadh ábharthach i sceideal an chonraitheora go raibh léirthuiscintí éagsúla agus easaontas i measc na bpáirtithe a mhéid a bhain le scóip na hoibre, tráthchláir agus ceanglais an tionscadail; thairis sin, tháinig na saineolaithe dlí ar an gconclúid, mar gheall ar gcaoi a raibh clásail áirithe den chonradh scríofa, nach bhféadfadh an Comhghnóthas an conradh a fhoirceannadh d'fhonn an obair a bhí dí-scóipeáilte a dhéanamh é féin nó socrú a dhéanamh le go ndéanfadh conraitheoirí eile an obair; á chur in iúl gurb oth léi nach bhféadfadh an Comhghnóthas dliteanais an chonraitheora a shuíomh go soiléir mar gheall nach raibh taifead tionscadail ag an gComhghnóthas;

29. ag tabhairt faoi deara go luaitear sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite 2022 maidir le gníomhaíochtaí, go leanann an Comhghnóthas de chóras rialaithe inmheánaigh atá aitheanta, aibí agus dea-fheidhmiúil a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, áfach, go n-aithníonn an Comhghnóthas go bhfuil tionchar díreach ag na hathruithe ar an mbainistíocht shinsearach (stiúrthóir agus bainisteoirí sinsearacha) atá ag tarlú ó lár 2022 maidir le roinnt de na gníomhaíochtaí agus cultúr na heagraíochta sa Chomhghnóthas a chur chun feidhme, agus go bhféadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama infheictheacht na dtionscnamh a chur chun feidhme go hiomlán;

30. á aithint, agus prionsabal na stuamachta á chur i bhfeidhm, go bhfuil dhá easnamh i ndáil leis na soláthraithe seirbhíse seachtracha (acmhainní daonna, inniúlacht agus leanúnachas) agus lucht oibre agus folláine na foirne aicmithe mar mhóreasnaimh ag an gComhghnóthas;

31. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil faireachán leanúnach á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach an Chomhghnóthais ar na gníomhaíochtaí a seoladh sna réimsí sin a sainaithníodh go bhfuil easnaimh mhóra acu agus go measann sí go bhfuil maolú suntasach déanta ag an gComhghnóthas ar na rioscaí gaolmhara agus go bhfuil pleananna gníomhaíochta nithiúla ceaptha aici chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá fós gan réiteach, rud a thugann údar le deireadh a chur le forchoimeádas 2021 in 2022;

**Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo**

32. ag tabhairt dá haire gur 'moltaí gan fráma ama' ón gCúirt iad na 'barúlacha' i dtuarascálacha bliantúla sonracha na gComhghnóthas; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Chúirt obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas 'oscailte' nó 'dúnta';

33. ag tabhairt dá haire, ó na cúig bharúil a d'eisigh an Chúirt ó 2019 agus 2021, nach bhfuil ach dhá cheann dúnta;

34. ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil oscailte do 2019 ar úsáid iomarcach acmhainní conarthacha nó foinsí (thart ar 62 % in 2019), lena mbaineann rioscaí suntasacha don Chomhghnóthas, maidir le príomhinniúlachtaí a choinneáil, cuntasacht dhoiléir, díospóidí breithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus éifeachtúlacht foirne níos ísle mar gheall ar bhainistiú díláraithe;

35. ag tabhairt dá haire, in 2022, chruthaigh an Comhghnóthas grúpa oibre chun measúnú a dhéanamh ar úsáid mhór a bhaint as acmhainní seachtracha agus é mar chuspóir leis sin pleanáil níos fearr a dhéanamh agus údar maith a thabhairt don ghá a bhí leo.

36. ag tabhairt dá haire, le haghaidh 2021, go dtagraíonn na barúlacha oscailte do (i) an easpa fianaise maidir le héifeachtúlacht agus an easpa tionchair dhearfaigh ar chóras na measúnuithe bliantúla rialta ag saineolaithe seachtracha agus dian-iniúchtaí inmheánacha lena gcumhdaítear an chuid is mó de réimsí criticiúla an Chomhghnóthais ina chuid gníomhaíochtaí; rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an ualach riaracháin agus (ii) meath ar an timpeallacht oibre ag an gComhghnóthas ([12]) agus úsáid dhíréireach acmhainní foirne seachtracha, dúshláin mhéadaitheacha agus rioscaí atá ag méadú don timpeallacht oibre;

37. ag tabhairt dá haire, in 2022, tar éis dhá mholadh ón 10ú tuarascáil mheasúnaithe bhliantúil ([13]) maidir le bainistíocht acmhainní daonna, gur fhormheas bord rialaithe an Chomhghnóthais plean gníomhaíochta chun iad a chur chun feidhme.

([12]) is iad na príomhchúiseanna leis na heasnaimh ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí - e.g., cinnteoireacht neamh-thrédhearcach agus mhífheidhmiúil agus easpa idirphlé sóisialta.

([13]) An 56ú cruinniú den Bhord Rialaithe an 7-8 Iúil 2022 in Barcelona.